


Otharlann Leitir Ceanainn

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoin otharlann i Leitir Ceanainn. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, áfach, an bhfuil na focail seo ar eolas agat? An féidir leat iad a mheaitseáil leis na pictiúir chearta?



1. bac tuilte	2. as a riocht	3. le hearcú
4. ag impí	5. cóir leighis	6. róphlódú
7. i dtuilte	8. éacht mór	9. bruacha
10. rannóg éigeandála		

Féachaigí ar an tuairisc uair amháin le feiceáil an gcabhraíonn sé sin libh na focail a thuiscint.

Ceist 2

Tá canúint Uladh ag Áine Ní Bhreisleáin agus ag an tuismitheoir atá sa mhír. An féidir leat gach leagan Ultach a cheangal leis an leagan caighdeánach?

1. foscailte	a. glao
2. seisiú	b. ní féidir linn
3. druideadh	c. oscailte
4. scairt	d. mícheart
5. a dhath	e. séú
6. ciotach	f. aon rud
7. cha dtig linn	g. dúnadh

1	2	3	4	5	6	7

Ceist 3 (A)

Féach ar an tuairisc arís. Ceangail an t-eolas ar dheis leis na huimhreacha cearta ar chlé

40 milliún	An méid seirbhísí ar cuireadh as dóibh.
70%	An méid airgid a chosnóidh sé bac tuilte a thógáil.
600,000	An méid airgid a chosnóidh obair dheisiúcháin na hotharlainne.

Ceist 3 (B) Anois, ceangail an t-eolas ar dheis leis na hainmneacha cearta ar chlé.

An Dr Conall Mac an Bhaird	Impíonn sí ar an Aire Sláinte chun dul i ngleic le fadhb an róphlódaithe.
Sinéad Ó Gormáin	Bhíodh banaltra ar fáil do thuismitheoirí páistí a bhfuil diaibéiteas orthu, ach tá an tseirbhís sin caillte anois.
Tuismitheoir	Gabhann sé buíochas le foireann an ospidéal agus le gach duine a chuidigh le linn an ama dheacair.

Ceist 4 ‘...ba mhaith liom...’

Mínigh an difríocht idir **ba mhaith liom** agus **is maith liom**. Cuir in abairtí iad chun an bhrí a léiriú.

Ceist 5 ‘...ar maidin...’











Cén t-ainm a thugtar ar na hamanna seo a leanas:

07.00	<i>ar maidin</i>
12.00	
16.00	
19.00	
22.00	
00.00	

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Cad a cheapann tú faoi chanúint Uladh?
2. Cén fáth ar úsáid an cainteoir **a ringeáil** in áit **glao / scairt a chur**, dar leat?
3. An gcuireann tú féin **-eáil** nó **-áil** ag deireadh focail Bhéarla? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

				
as a riocht	cóir leighis	róphlódú	bruacha	éacht mór
				
i dtuille	rannóg éigeandála	ag impí	bac tuilte	le hearcú

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7
c	e	g	a	f	d	b

Ceist 3 (A)

40 milliún	An méid airgid a chosnóidh obair dheisiúcháin na hotharlainne.
70%	An méid seirbhísí ar cuireadh as dóibh.
600,000	An méid airgid a chosnóidh sé bac tuilte a thógáil.

Ceist 3 (B)

An Dr Conall Mac an Bhaird	Gabhann sé buíochas le foireann an ospidéil agus le gach duine a chuidigh le linn an ama dheacair.
Sinéad Ó Gormáin	Impíonn sí ar an Aire Sláinte chun dul i ngleic le fadhb an róphlódaithe.
Tuismitheoir	Bhíodh banaltra ar fáil do thuismitheoirí páistí a bhfuil diaibéiteas orthu, ach tá an tseirbhís sin cailte anois.

Ceist 4

Ba mhaith liom – I'd like. An modh coinníollach. *Ba mhaith liom cupán tae, le do thoil.*
Is maith liom – I like. An aimsir láithreach. *Is maith liom ceol clasaiceach.*

Ceist 5

07.00	<i>ar maidin</i>
12.00	<i>meán lae</i>
16.00	<i>iarnóin</i>
19.00	<i>tráthnóna</i>
22.00	<i>oíche</i>
00.00	<i>meán oíche</i>

Ceist 6

Is féidir na foghlaimoirí a chur ag plé na gceistean seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Emer Ní Chonaola

Rinne an tAire Sláinte James Reilly rannóg éigeandála otharlann Leitir Ceanainn a athoscailt ar maidin. Rinneadh damáiste mór don otharlann i dtuille i mí Iúil seo caite agus cuireadh go leor seirbhísí leighis as a riocht. Cosnóidh sé breis is ceathracha milliún euro an t-ionad a atógáil arís.

Áine Ní Bhreisleáin

Ní raibh rannóg éigeandála Otharlann Leitir Ceanainn foscailte¹ fiú bliain nuair a scrios tuilí² é ar an seisiú³ lá fichead d'Iúil anuraidh. Cuireadh as do 70% de sheirbhísí, druideadh na bardaí⁴ agus cuireadh othair thar teorainn le cóir leighis a fháil. D'fhill an Dr James Reilly ar Leitir Ceanainn leis an rannóg a athoscailt inniu agus súil a chaitheamh ar an obair dheisiúcháin. Cosnóidh sé sé chéad míle euro bac tuilte a thógáil ag sruthán ar chúl na hotharlainne a chuaigh thar a bruacha anuraidh.

An Dr Conall Mac a' Bhaird

Bhí sé an-deacair d'fhoireann iomlán an ospidéil agus ba mhaith liomsa buíochas a thabhairt don fhoireann ar fud an ospidéil agus do na daoine a tháinig isteach ón cheantar le cuidiú ag an am sin. Ó thaobh obair trí na deacrachtaí sílim go ndearna foireann an ospidéil éacht mór.

Áine Ní Bhreisleáin

Dúirt Sinéad Ó Gormáin, Stiúrthóir Leighis Éigeandála nach leigheasfaidh an rannóg athchóirithe seo an fhadhb le róphlódú i Leitir Ceanainn. D'impigh sí ar an Aire Sláinte breis foirne a chur ar fáil anseo. Dúirt an tAire Reilly go bhfuil sé deacair dochtúirí a mhealladh go háiteacha ar nós Leitir Ceanainn mar go measann siad go bhfuil sé i bhfad ó chathracha móra. Bhí agóid ag tuismitheoirí páistí a bhfuil diaibéiteas orthu ag geataí na hotharlainne, ag impí ar an Aire Sláinte gan seirbhísí cúraim diaibéitís a chiorrú.

Aoife Ní Pháidín, tuismitheoir

Tá an bhanaltra caillte againn as an ospidéal. Bhí banaltra againn a dtiocfadh linn scairt a chur uirthi dá mbeadh a dhath ciotach leis na páistí agus ta sí bogtha go dtí post eile anois. Agus má tá rud ar bith ciotach leis na páistí cha dtig linn, níl sin againn – a bheith ábalta an t-ospidéal a *ringeáil*.

Áine Ní Bhreisleáin

Dúirt údaráis na hotharlainne go bhfuil siad ag déanamh athstruchtúrú ar na háiseanna atá ar fáil agus go mbeidh altraí le hearcú, ag díriú ar chúraim páistí agus ar chúram do dhaoine fásta leis an ghalar. Fosclóidh⁵ an rannóg éigeandála agus an tAonad Measúnaithe Géarleighis don phobal arís ar a hocht a chlog ar maidin, Dé Céadaoin, ar an dara lá déag de mhí an Mhárta. Leanfar ar aghaidh le hobair thógála anseo ag an otharlann agus meastar go dtógfaidh sé ocht mí dhéag sula mbeidh sé uilig críochnaithe. Áine Ní Bhreisleáin, Nuacht TG4, i Leitir Ceanainn i gCo. Dhún na nGall.

¹ an leagan Ultach den fhocal *oscailte*

² an leagan Ultach den fhocal *tuilte*

³ an leagan Ultach den fhocal *seú*

⁴ *wardaí* a deirtear

⁵ an leagan Ultach den bhriathar *oscail* san aimsir fháistineach